An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

Cónascadh Rialtais 2030:

Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann

Arna ullmhú ag Oifig
Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

gov.ie

Brollach

Tá an-áthas orainn **Cónascadh Rialtais 2030** a chur i láthair, an straitéis nua dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann; is straitéis í ina leagtar amach athrú ó bhonn ar an gcaoi a gcuirfear seirbhísí rialtais i láthair agus a n-úsáidfear iad amach anseo.

Nuair a ghlacamar lenár bhfreagrachtaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bhaineamar an-taitneamh as an dul chun cinn a chloisteáil agus a phlé a bhí déanta agus atá á dhéanamh ag Éirinn sa Rialtas Digiteach, ó thráth Straitéis TFC 2015 na Seirbhíse Poiblí.

Is deacair a mheabhrú, le linn na straitéise sin cé go raibh a lán seirbhísí r-rialtais bunaithe go maith, go raibh an tSeirbhís Phoiblí díreach ag tosú ar bhóthar a *chlaochlaithe dhigitigh*. Mar shampla, ní raibh ann ach cúpla míle cuntas fíoraithe MyGovID agus níorbh ann fós do choincheap na seirbhíse nua-aimseartha gov.ie.

Ach fós tugaimid na tuairimí seo tráth a bhfuil an domhan (tá súil againn) ag teacht saor ó ghreim na paindéime, agus ag am nuair nár tuigeadh riamh níos fearr luach na dteicneolaithe digiteacha don rialtas agus don tsochaí. Thairis sin, tá an glacadh is mó fás de r-CAnna againn le haghaidh seirbhísí rialtais ar domhan; is é *gov.ie* anois an "spriocáit" d'fhaisnéis agus do sheirbhísí rialtais; tá buntacaí láidre dlíthiúla tógtha againn maidir le comhroinnt sonraí agus táimid ar na ceannairí san Eoraip i dtaca le Sonraí Oscailte; tá dul chun cinn go suntasach déanta againn inár dturas chuig Gairmiúlacht TFC; agus is mó ná riamh a bhímid ag roinnt bonneagair, réiteach agus sócmhainní digiteacha eile.

> **"Is é a bheidh i gceist sna blianta amach romhainn tógáil ar ár mbunsraitheanna láidre agus seirbhís rialtas digiteach iontaofa a chruthú atá daonbhunaithe, iomasach agus cuimsitheach"**

Bhain an Straitéis dheireanach TFC na seirbhíse poiblí le pleananna, struchtúir, rialachas agus, ar deireadh, bunchlocha éiceachóras cumhachtach rialtas digiteach a thógáil. Maidir leis seo, agus mar a leagtar amach thuas, is cúis áthais dúinn go bhfuilimid tar éis gnóthú go maith le hais ár n-ionchas agus molaimid ceannaireacht agus scileanna ár Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí as an dul chun cinn atá déanta. É sin ráite, teastaíonn athrú mór ar luas ár seachadta anois má táimid chun forleithne "dhigiteach" i ngach gné den tsochaí a léiriú maille

le hionchais chomhfhreagracha an Rialtais, ár ndaoine agus ár ngnólachtaí. Thairis sin, beidh an mórathrú sin ag teastáil chun go gcoinneoidh Éire ár seasamh i measc na bpríomhgheilleagar digiteach. Sa chomhthéacs sin, leagtar amach in **'Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach**' réimse sonrach spriocanna maidir le digiteáil na seirbhísí poiblí, a léirítear sa straitéis nua seo, **Cónascadh Rialtais 2030**.

Trí bhíthin **Cónascadh Rialtais 2030**, is é a bheidh i gceist leis na blianta amach romhainn tógáil ar ár mbunsraitheanna láidre agus seirbhís rialtas digiteach iontaofa a chruthú atá daonbhunaithe, iomasach agus cuimsitheach. Bainfimid úsáid réamhghníomhach as sonraí chun teacht roimh riachtanais agus teidlíochtaí ár ndaoine agus iad a sheachadadh go luath. Féachfaimid chuige go mbíonn ár gcórais inrochtana ag baint úsáid as na dintiúir chéanna, go héasca agus go slán beag beann ar an ngléas. Sna blianta romhainn, bainfimid leas breise as éifeachtúlachtaí agus as slándáil na néalteicneolaíochta agus cuirfimid feabhas leanúnach chun cinn go nuálach lenár bpíblíne tallainne inbhuanaithe féin le tacaíocht ó láidreachtaí ár n-acadóirí agus ár lucht tionscail. Mar bhonn agus mar thaca aige sin go léir, cuirfimid feabhas leanúnach ar ár gcosaintí cibearshlándála agus ar an úsáid a bhainimid as TFC inbhuanaithe.

I bhfianaise na tallainne atá ar fáil dúinn agus an mhéid is féidir le "cúrsaí digiteacha" a dhéanamh dár ngeilleagar, faoi dheireadh na ndeich mbliana seo, ní mór d'Éirinn iarracht a dhéanamh a bheith rangaithe go leanúnach i measc na dtrí náisiún digiteach is fearr san Aontas agus na 10 náisiún is fearr ar fud an domhain. Agus níl aon amhras orainn ach gur féidir linn trí oibriú le chéile agus le tacaíocht ón Rialtas uaillmhian infhíoraithe a dhéanamh de sin.

Táimid ag tnúth le tacú le **Cónascadh Rialtais 2030** ina uaillmhianta chun cáil na hÉireann mar cheannaire digiteach a fheabhsú.

Michael McGrath TD

An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ossian Smyth TD

An tAire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí agus rRialtas
An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Cumarsáid agus an Geilleagar Ciorclach

Márta 2022

Clár na nÁbhar

Brollach ..... **iii**

Clár na nÁbhar ..... **v**

Achoimre Fheidhmeach ..... **vi**

1. Ár bhFís do Sheirbhís Phoiblí Dhigiteach **1**

Cónascadh Rialtais 2030: Ár nUaillmhian 3

2. Ag Tógáil ar an Dul Chun Cinn **6**

Rialtas Digiteach a Shainmhíniú 7

3. Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta **9**

1. Eispéireas Digiteach Daonbhunaithe 10
2. Leas éifeachtach a bhaint as sonraí 12
3. Rialtas mar Ardán 14
4. Ag teacht chun cinn trí nuálaíocht 17
5. Scileanna Digiteacha a Neartú 19
6. Ag díriú ar Rialachas agus ar Cheannaireacht 21

7. Prionsabail Dearaidh Bhuntacaithe **24**

I. Digiteach de réir Réamhshocraithe agus Néalbhunaithe ar dtús 24
II. Cur Chuige Uile-Rialtais 25
III. Bealaí Nua Oibre 25
IV. Bunaithe ar an bPríobháideacht agus Slán ina Dhearadh 26

8. Conclúid **27**

9. Aguisíní **28**

Aguisín 1: Amlíne cur chun feidhme 28
Aguisín 2: Príomhchuspóirí 29
Aguisín 3: Sliocht as Tuarascáil Chruinniú GovTech 2019 31
Aguisín 4: Léitheoireacht Bhreise 32

Achoimre Fheidhmeach

Athdhearbhaíodh dúinn ar fad leis an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas, agus go háirithe ó thús 2020, an tábhacht mhéadaitheach atá le teicneolaíochtaí, uirlisí agus seirbhísí digiteacha agus an spleáchas atá againn orthu. I gcás fhormhór na ndaoine aonair agus na ngnólachtaí, tá méadú suntasach tagtha ar ionchais agus ar riachtanais na seirbhísí rialtais a bhíonn á gcumasú ag an teicneolaíocht. Dá bhrí sin, ní mór don Rialtas leanúint air ag cruthú seirbhísí atá chomh saoráideach, soláimhsithe, inrochtana agus is féidir. Trí sheirbhísí níos tapúla agus níos áisiúla a sholáthar, saorfar freisin acmhainní atá tearc chun seirbhís níos pearsanta agus níos cothroime a thabhairt dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu.

Leagtar amach in **Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann** cur chuige chun rialtas digiteach a sheachadadh do chách, rud a rachaidh chun tairbhe don tsochaí agus don gheilleagar i gcoitinne araon. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn leas a bhaint as an digiteáil chun athrú ó bhonn a thionscnamh sa chaoi a mbíonn daoine, gnólachtaí agus lucht déanta beartas ag idirghníomhú, agus chun idir-inoibritheacht a chinntiú ar gach leibhéal rialtais agus ar fud na seirbhísí poiblí. Ní mór dúinn a chinntiú, agus ár seirbhísí poiblí á ndigitiú againn, go nglacfaimid cur chuige "tús áite d'úsáideoirí" agus "tús áite don ghnó". Mar phríomhthionscnamh athchóirithe de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuideoidh seachadadh **Cónascadh Rialtais 2030** leis na huaillmhianta sin a bhaint amach. Spreagfaidh sé freisin tosaíochtaí níos leithne govTech chomh maith le buntáistí suntasacha luach poiblí a thabhairt.

Trí **Cónascadh Rialtais 2030**, tugtar aghaidh ar Dhigiteáil na Seirbhísí Poiblí den straitéis dhigiteach náisiúnta, Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach. Tá sé ag teacht freisin leis na spriocanna atá leagtha amach in Athnuachan na Státseirbhíse 2030. Leis an straitéis, tabharfar Plean Gníomhaíochta Tosaíochta GovTech 2019 ar aghaidh agus cuimsítear ann gníomhaíochtaí sonracha ó Chlár an Rialtais chomh maith le haghaidh a thabhairt ar spriocanna digiteacha arna leagan síos ag an AE.

I gcás **daoine aonair**, áirítear le huaillmhianta Cónascadh Rialtais 2030 rochtain níos fearr a sholáthar ar sheirbhísí rialtas digiteach iontaofa ar ardchaighdeán; seirbhísí a sheachadtar ar bhealach cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe le seirbhís níos fearr dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh uathu; athúsáid shlán agus thrédhearcach sonraí pearsanta; agus, deiseanna chun seirbhísí rialtais a chomhchruthú.

I gcás **gnólachtaí**, áirítear ar na huaillmhianta rochtain níos fearr ar sheirbhísí comhtháite rialtas digiteach; forchostas riaracháin laghdaithe; Deiseanna GovTech; agus, oscailteacht agus rannpháirtíocht níos fearr leis an rialtas.

Agus do **lucht déanta beartas**, áirítear ar na huaillmhianta úsáid níos fearr a bhaint as sonraí chun gach seirbhís rialtais a phleanáil agus a sholáthar; cumais agus scileanna neartaithe; éiceachóras de bhloic/uirlisí tógála coiteanna digiteacha; agus, rialachas níos láidre.

Ní leor digiteáil seirbhísí poiblí ann féin chun Rialtas Digiteach a chur ar fáil. Is é atá ag teastáil *claochlú digiteach* an rialtais: próisis agus seirbhísí rialtais a athdhearadh agus a atógáil, ar fud eagraíochtaí más gá, agus digiteáil agus sonraí a úsáid chun eispéireas comhtháite a sholáthar dár ndaoine, dár ngnólachtaí agus dár lucht déanta beartas.

Chun uaillmhianta Cónascadh Rialtais 2030 a bhaint amach, tá **sé réimse gníomhaíochta tosaíochta** aitheanta againn:

- **Eispéireas Digiteach Daonbhunaithe** - Tá sé ríthábhachtach ár n-úsáideoirí agus a riachtanais a thuiscint chun seirbhísí níos fearr a sholáthar;
- **Leas a Bhaint as Sonraí go hÉifeachtach** – Seirbhísí poiblí a fheabhsú trí struchtúir a chur i bhfeidhm chun athúsáid sonraí níos mó agus níos fearr a sholáthar, agus an urraim is dual á tabhairt don phríobháideachas agus do chosaint sonraí;
- **Rialtas mar Ardán** - Simpliú seirbhíse a thiomáint trí éiceachóras caighdeán, acmhainní agus uirlisí lena n-áirítear "prionsabal na haonuaire" a chur i bhfeidhm;
- **Ag Teacht Chun Cinn trí Nuálaíocht** – Ár ndúshlán féin a thabhairt breathnú as an nua ar fhadhbanna deacra a réiteach chun réitigh nuálacha a thógáil a mbíonn ár gcuid úsáideoirí lárnach iontu;
- **Scileanna Digiteacha a Neartú** – Cumais agus scileanna nua a neartú agus a fhorbairt, a bheidh in ann cultúr seirbhís phoiblí dhigiteach a chothú;
- **Ag díriú ar Rialachas agus ar Cheannaireacht** - Struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm chun claochlú digiteach a chur chun cinn ar fud an rialtais.

Beidh **sraith croíphrionsabal dearaidh** mar bhonn agus mar thaca ag na réimsí gníomhaíochta tosaíochta sin:

- **Digiteach de réir Réamhshocraithe agus Néalbhunaithe i dTosach**– Ag tógáil i dtreo na spriocanna do 2030 go n-ídítear 90% de na seirbhísí is infheidhme ar líne agus a bheith níos réamhghníomhaí agus níos forásaí maidir le glacadh le scamall;
- **Cur Chuige Uile-Rialtais** - Eispéireas comhtháite agus níos saibhre a chinntiú do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí agus go bhfuil cúinsí digiteacha leabaithe i bpróisis bheartais;
- **Bealaí Nua Oibre** – Timpeallachtaí oibre a chur ar fáil a thugann cumhacht dár ndaoine a ndícheall a dhéanamh, a chur chun cinn comhroinnt smaointe, dearaí agus nuálaíochtaí;
- **Bunaithe ar an bPríobháideacht agus Slán ina Dhearadh** - Córais a dhearadh agus a thógáil atá ailínithe le dea-chleachtas i dtaca le slándáil agus le cibearchosaint.

Trí **Cónascadh Rialtais 2030**, príomhthionscnamh athchóirithe de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leagtar amach creat inar féidir le gach eagraíocht seirbhís phoiblí a ngealltanais dhigiteacha féin a sheachadadh atá dírithe ar na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis dhigiteach náisiúnta, Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach.

Déanfar rialachas a ailíniú leis na struchtúir dá bhforáiltear sa straitéis dhigiteach náisiúnta. Déanfaidh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maoirseacht ar chur i bhfeidhm **Cónascadh Rialtais 2030**.

1. Ár bhFís do Sheirbhís Phoiblí Dhigiteach

> **Ní hamháin gur athraigh luas tapa dhul chun cinn na teicneolaíochta agus an acmhainneacht ghaolmhar maidir le húsáid sonraí an dóigh a maireann daoine ach freisin an dóigh a n-oibríonn daoine. Feictear an cur isteach digiteach seo i ngach earnáil, an earnáil phoiblí san áireamh....** ***ECFD, 2021.***

Athdhearbhaíodh dúinn ar fad leis an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas, agus go háirithe ó thús 2020, an tábhacht mhéadaitheach atá le teicneolaíochtaí, uirlisí agus seirbhísí digiteacha agus an spleáchas atá againn orthu. Ní hamháin go raibh ról lárnach ag seirbhísí rialtas digiteach le linn na gcéimeanna is measa den phaindéim, ach leag siad béim freisin ar an luach a bhaineann le seirbhísí ar éileamh atá oiriúnach don fheidhm, do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí agus don gheilleagar freisin. Léiríonn an straitéis dhigiteach náisiúnta, Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha - An Creat d'Éirinn Dhigiteach, a bhfuil Digiteáil na Seirbhísí Poiblí ina phríomhcholún de, na heispéiris sin.

I gcás fhormhór na ndaoine aonair agus na ngnólachtaí, tá méadú suntasach tagtha ar ionchais agus ar riachtanais na seirbhísí rialtais atá cumasaithe ag an teicneolaíocht le blianta beaga anuas. Tá a fhios acu cad é a ba mhaith leo, conas is mian leo é agus cén uair is mian leo é.

Tá níos mó agus níos mó d'úsáideoirí na seirbhísí rialtais sofaisticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de agus tá siad ag súil go mbeidh na seirbhísí seo ar fáil ar a rogha gléas ar feadh 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain (24-7), le freagraí gasta agus an t-ualach riaracháin is lú. Dá bhrí sin, ní mór don Rialtas leanúint air ag cruthú seirbhísí atá chomh saoráideach, soláimhsithe inrochtana agus is féidir. Cinnteoidh claochlú digiteach rathúil gurb í an rogha dhigiteach an modh is fearr le daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí. Ní hé amháin go soláthraíonn sé sin seirbhísí níos tapúla agus níos áisiúla dóibh, ach saorfaidh sé freisin acmhainní atá tearc chun seirbhís níos pearsanta agus níos cothroime a thabhairt dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu.

1

Is suntasach an glacadh atá le húsáid an rialtais dhigitigh le blianta beaga anuas. Má táimid chun é sin a chothú, agus na spriocanna an-uaillmhianacha atá leagtha síos ag an Rialtas i straitéis dhigiteach náisiúnta a bhaint amach, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh **eispéireas digiteach daonbhunaithe** a bhaint amach trí bhóthar digiteach níos iomláine a thairiscint le seirbhísí rialtais ó cheann go ceann go hiomlán, agus aighneas a íoslaghdú lena linn.

Tá an mhuinín an-tábhachtach d'úsáideoirí seirbhísí poiblí digiteacha, agus tá slándáil sonraí pearsanta ríthábhachtach. Ní mór dúinn an mhuinín chruashaothraithe atá bainte amach againn inár seirbhísí poiblí a choinneáil trí bheith cúramach agus trédhearcach inár maoirseacht ar shonraí agus ar shócmhainní.

Agus seirbhísí nua rialtais á bhforbairt acu, ba cheart d'eagraíochtaí na seirbhíse poiblí iarracht a dhéanamh ar dtús sonraí a úsáid atá bailithe acu féin nó ag cuid eile den rialtas ó dhaoine aonair agus ó ghnólachtaí. Trí shonraí a chomhroinnt idir eagraíochtaí na seirbhíse poiblí ar bhonn i bhfad níos éifeachtaí bainfidh úsáideoirí uile na seirbhísí poiblí tairbhí an-suntasacha astu. Tá cosaint sonraí, cáilíocht sonraí agus sláine sonraí sár-riachtanach chun na seirbhísí is fearr a sholáthar. Chuige sin, leagtar amach san Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019[1] creat dlíthiúil i gcomhair roinnt agus rialachas sonraí ar fud an Rialtais. Leagtar amach i Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019 – 2023 an chaoi a mbogfaimid chuig cur chuige comhtháite chun **leas éifeachtach a bhaint as sonraí**, go háirithe thar theorainneacha eagraíochtaí na seirbhíse poiblí.

Ní leor an digiteáil aisti féin – ní mór do shonraí agus seirbhísí idir-inoibritheacht a dhéanamh laistigh d'eagraíochtaí na seirbhíse poiblí agus ar fud na n-eagraíochtaí sin agus, is féidir, le tríú páirtithe iomchuí. Seachas sin, ní bheidh de thoradh ár saothair againn ach próisis dhigitithe agus stóráis eagraíochtúla chomh neamh-chomhtháite agus a bhí. Dá bhrí sin, ní mór dúinn scrúdú leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraítear ár seirbhísí poiblí agus ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíochtaí agus sonraí digiteacha cabhrú leis an seachadadh sin, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí atá ar fáil ó eagraíochtaí eile na seirbhíse poiblí i.e. cur chuige **Rialtas mar Ardán** a ghlacadh

Mairimid i ré ina bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta nach raibh súil leis roimhe seo agus ní mór dúinn an deis seo a thapú chun **ár seirbhísí a fhorbairt go digiteach le nuálaíocht** i lár baire. Osclaíonn teicneolaíochtaí agus seirbhísí mar Intleacht Shaorga, Meaisínfhoghlaim,

[1] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/5/enacted/en/html

Blocshlabhra, Sparán Digiteach agus Gníomhachtú Gutha deiseanna ollmhóra chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí nó fiú cinn nua a shamhlú; ach ní mór dúinn a bheith oscailte do thrialacha agus toilteanach an fuinneamh agus na hacmhainní a chur isteach chun torthaí dearfacha a bhaint as ár gcuid oibre.

Chun cultúr seirbhís phoiblí dhigiteach a chothú, ní mór dúinn **scileanna digiteacha a neartú** agus cumais nua a fhorbairt dóibh siúd atá i róil na teicneolaíochta digití. Mar sin féin, chun fíor-chlaochlú a chur i bhfeidhm, ní mór dúinn a chinntiú freisin go bhfuil croíleibhéal iomchuí scileanna digiteacha agus sonraí ag gach státseirbhíseach agus ag gach fostaí sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear iad siúd atá i bpoist shinsearachta.

Teastaíonn níos mó oscailteachta agus comhoibrithe chun seirbhísí poiblí digiteacha nua-aimseartha a sholáthar. Breathnóimid ar dheiseanna rannpháirtíochta níos fearr idir daoine aonair agus an rialtas agus idir an rialtas, lucht tionscail agus an saol acadúil. Beidh sé ríthábhachtach **díriú ar rialachas agus ar cheannaireacht** agus na struchtúir chearta a bheith i bhfeidhm lenár n-uaillmhianta a bhaint amach agus a chur ar ár gcumas dul chun cinn a léiriú.

Tá an straitéis seo dírithe ar dhreamanna éagsúla sa phobal agus cuimsíonn sé gach duine a bhfuil baint acu le dearadh, tógáil, seachadadh agus tacaíocht seirbhísí poiblí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis freisin dul i bhfeidhm ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí atá ag brath ar na seirbhísí poiblí sin agus a úsáideann iad; eagraíochtaí reatha agus eagraíochtaí nuathionscanta atá i mbun gnó nó ar mian leo gnó a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí; lucht na hacadúlachta agus comhlachtaí tionscail; agus grúpaí ionadaíocha eile.

Mar phríomhchumasóir den straitéis dhigiteach náisiúnta, leagtar cur chuige amach in **Cónascadh Rialtais 2030** chun muid a threorú i dtreo fhíorú na físe sin.

Cónascadh Rialtais 2030: Ár nUaillmhian

> **Tá an domhan digiteach agus teastaíonn Stát atá cumasaithe go digiteach uainn.** ***ECFD, 2021.***

Ní mór don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn leas a bhaint as an digiteáil chun athrú ó bhonn a spreagadh ar an gcaoi a mbíonn daoine, gnólachtaí agus lucht déanta beartas ag idirghníomhú, rud a chinntíonn idir-inoibritheacht ar gach leibhéal rialtais agus ar fud na seirbhísí poiblí.

Creidimid sa tSeirbhís Phoiblí go dtugann rialtas digiteach láidir buntáistí suntasacha luach poiblí don gheilleagar i gcoitinne agus do na pobail agus na gnólachtaí lena mbímid i dteagmháil chomh maith.

Agus ár seirbhísí poiblí á ndigitiú againn, ní mór dúinn a chinntiú go nglacfaimid cur chuige "tús áite d'úsáideoirí", bíodh sin ann do dhaoine aonair nó do ghnólachtaí. Ní mór dúinn ár seirbhísí a dhéanamh compordach, inrochtana, cuimsitheach agus éasca le húsáid. Ní mór dúinn cur chuige uile-rialtais a ghlacadh agus iallach a chur ar na seirbhísí sin a bheith ag idir-inoibriú níos mó agus freisin cuimsiú a uasmhéadú ag an am céanna trí eispéireas cuidithe digiteach agus/nó trí eispéireas eas-líne feabhsaithe dóibh siúd nach bhfuil in ann rochtain dhigiteach a fháil ar sheirbhísí.

Bainfimid ár n-uaillmhianta digiteacha amach trí oibriú chun:

- a chur ar chumas gach duine agus gach gnó rochtain a fháil ar sheirbhísí rialtas digiteach iontaofa ar ardchaighdeán;
- seirbhísí digiteacha rialtais a úsáid chun clár fairsing fáis, athchóirithe agus claochlaithe a bhrú chun cinn - daoine, próisis, custaiméirí, suíomhanna agus sonraí;
- guth a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara go léir chun cabhrú linn todhchaí nua uilechuimsitheach rialtas digiteach a chruthú d'Éirinn;
- ár seirbhísí a sheachadadh trí úsáid a bhaint as ardán éifeachtúil, slán, atá bunaithe ar an bpríobháideacht agus atá inbhuanaithe;
- daoine eile a spreagadh a gcuid scileanna a fhorbairt agus dul isteach san fhoireann ar fud na Seirbhíse Poiblí, chun seirbhísí rialtas digiteach ar ardchaighdeán a sholáthar do chách;
- faisnéis a shealbhaítear go digiteach agus cumas nuálach na teicneolaíochta a úsáid le bheith níos eolaí agus níos géarchúisí inár bpleanáil agus inár gcur i bhfeidhm seirbhísí poiblí; agus
- Éire a shuíomh mar rannchuiditheoir measúil le beartais agus straitéisí digiteacha san AE, sna NA agus i gcomhlachtaí eile dá leithéid agus mar thionchaire orthu, agus mar eiseamláir i leith a seachadta.



An Rialtas Digiteach i lár báire sa chaoi a mbíonn daoine, gnólachtaí agus lucht déanta beartas ag idirghníomhú

Spreagfaidh seachadadh **Cónascadh Rialtais 2030** tosaíochtaí níos leithne GovTech freisin, a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú gurb í Éire an áit is fearr san Eoraip chun idirghníomhú go digiteach leis an Rialtas agus an áit is fearr san Eoraip le bheith mar chuid de ghnólacht nuathionscanta ardteicneolaíochta.

2. Ag Tógáil ar an Dul Chun Cinn

> **Tá teicneolaíochtaí digiteacha ríthábhachtach anois don obair, foghlaim, siamsaíocht, sóisialú, siopadóireacht agus chun teacht ar gach rud ó sheirbhísí sláinte go cultúr.** ***Compás Digiteach 2030, AE 2021***

Féachann **Cónascadh Rialtais 2030** le tógáil ar an dul chun cinn suntasach atá déanta cheana féin maidir le seachadadh seirbhísí poiblí a athrú ó bhonn. Is í an straitéis nua seo an chéad chéim eile ar an turas ó rRialtas go rialtas digiteach.

Bhí sainchúram Seirbhís Phoiblí ag Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí 2015, ach bhí an cur i bhfeidhm lasmuigh de Ranna agus d'Oifigí na Státseirbhíse teoranta. Trí **Cónascadh Rialtais 2030**, rachaidh sé i dteagmháil níos mó leis an tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne chun cuir chuige uile-rialtais a spreagadh chun seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar.

Trí **Cónascadh Rialtais 2030**, tugtar aghaidh ar dhigiteáil ghné na seirbhísí poiblí de Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach . Tagann sé go sonrach in ionad TFC na Seirbhíse Poiblí agus na straitéisí rRialtais agus feidhmeoidh sé freisin mar scáthstraitéis le haghaidh gníomhartha thar roinnt beartais agus straitéisí rialtais eile chun cur chuige comhordaithe agus comhtháite foriomlán a chinntiú maidir lena seachadadh.

Trí **Cónascadh Rialtais 2030**, tabharfar ar aghaidh Plean Gníomhaíochta Tosaíochta GovTech 2019, agus cuimsítear ann gníomhartha sonracha ó Chlár an Rialtais. Cuimsíonn sé freisin an fhís a leagtar amach i nDeich mBliana Digiteacha na hEorpa[2], mar a shonraítear tuilleadh i gCompás Digiteach 2030, lena n-áirítear an Comhaontú Glas, chomh maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. I measc na dtéamaí ábhartha go háirithe, a gcuireann go leor acu le straitéisí roimhe seo, tá dearadh daonbhunaithe, prionsabal na haonuaire, muinín, trédhearcacht, seirbhísí sonraíbhunaithe, idir-inoibritheacht, cumhachtú digiteach, scileanna, cuimsiú agus inbhuanaitheacht.

[2] Tá oibleagáidí ar Éirinn faoi Rialacháin éagsúla an AE maidir le Cúrsaí Digiteacha/TFC amhail An Rialachán maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach (lena n-áirítear córas na haonuaire) agus An Rialachán maidir le Ríomh-shainaitheantas agus Seirbhísí Iontaoibhe (eIDAS) (lena n-áirítear tograí le haghaidh Sparán Céannacht Dhigiteach Eorpach). Leanfaimid orainn ag plé de réir mar is cuí leis na tionscnaimh sin agus le tionscnaimh eile de chuid an AE de réir mar a thagann siad chun cinn.

Agus na straitéisí agus na treoracha beartais seo á dtabhairt le chéile, bunaíonn **Cónascadh Rialtais 2030** an creat d'éiceachóras uile-rialtais chun Rialtas Digiteach a sheachadadh do chách.

Rialtas Digiteach a Shainmhíniú

Bhí sé de nós ag cur chuige *rRialtais* i leith seirbhísí poiblí fócas teicneolaíochta a ghlacadh agus féachaint ar chéimeanna aibíochta maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar, ó láithreacht shimplí ar líne agus láithreacht faisnéise go dtí seirbhísí idirbheartaíochta níos casta agus níos mó ná sin.

Aithnítear i gcur chuige *Rialtas Digiteach* gur féidir le teicneolaíochtaí digiteacha claochluithe a spreagadh a théann níos doimhne isteach in eagraíochtaí na seirbhíse poiblí agus ar fud na n-eagraíochtaí sin agus a gcaidrimh le daoine aonair agus le gnólachtaí. Cé go bhfuil an rRialtas leathnaithe ina shainmhíniú le himeacht ama chun gnéithe den Rialtas Digiteach a chur san áireamh, tá an téarma Rialtas Digiteach níos coitianta anois agus is é an téarma a úsáidfimid sa straitéis seo de chuid Cónascadh Rialtais 2030.

Tugtar achoimre sa léaráid ECFE seo ar an dul chun cinn ón Rialtas Analógach trí rRialtas chuig an Rialtas Digiteach:



Dul chun cinn i dtreo an chlaochlaithe dhigitigh ag rialtais[3]

[3] Arna oiriúnú ó Rialtas Digiteach a Neartú, ECFE 2019 https://www.oecd.org/going-digital/strengthening-digital-government.pdf

Tagraíonn *digitiú* do phróiseas nó do sheirbhís pháipéarbhunaithe agus láimhe (analógach) a aistriú chuig léiriú digiteach atá cumasaithe ag TFC. Tagraíonn *an digiteáil* do theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun próiseas nó seirbhís a athrú agus, ar an gcaoi sin, brabús a mhéadú nó i gcás seirbhísí poiblí, feabhas a bhaint amach ar sholáthar seirbhíse nó luach níos mó ar airgead. Mar sin féin, ní leor an digiteáil inti féin chun Rialtas Digiteach a chur ar fáil.

Is é atá ag teastáil ná *claochlú digiteach* an rialtais: próisis agus seirbhísí rialtais a athdhearadh agus a atógáil, ar fud eagraíochtaí más gá, agus digiteáil agus sonraí a úsáid chun eispéireas comhtháite a sholáthar dár ndaoine, gnólachtaí agus lucht déanta beartas. Léiríonn sé sin cur chuige *GovTech* maidir le claochlú uile-rialtais, a chuireann rialtas simplí, éifeachtúil agus trédhearcach chun cinn leis an duine aonair i lár báire agus ag an am céanna a thacaíonn le fás ár ngnólachtaí dúchasacha. Is é sin ár n-uaillmhian chun críocha na straitéise seo, Cónascadh Rialtais 2030. Chuige sin, ní mór don teicneolaíocht dhigiteach, agus an TFC mar bhonn agus mar thaca aici, a bheith mar chuid de phróisis déanta beartais agus de phróisis dearaidh na seirbhíse poiblí ón tús chun torthaí a bhaint amach a bhíonn níos dírithe ar an duine.

3. Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta

Chun uaillmhianta **Cónascadh Rialtais 2030** a bhaint amach, d'aithin muid sé réimse gníomhaíochta tosaíochta agus roinnt príomhchuspóirí. Mar bhonn agus mar thaca ag na réimsí gníomhaíochta tosaíochta seo beidh sraith croíphrionsabail dearaidh mar atá leagtha amach i gCuid 4. Lena chois sin, tabharfaidh an cur chuige seo aghaidh freisin ar na spriocanna sin a leagtar amach in Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach :

- "Trí sheirbhís rialtas digiteach iontaofa, dírithe ar an úsáideoir, iomasach, cuimsitheach agus éifeachtúil, is ar líne a úsáidfear 90% de na seirbhísí is infheidhme faoi 2030
- 80% de shaoránaigh incháilithe a bheith ag úsáid MyGovID faoi 2030. "

Iarracht chomhoibritheach a bheidh i bhforbairt na dtreochlár agus na bpleananna toradhbhunaithe chun na gníomhartha sin a sheachadadh ina mbeidh comhghleacaithe ar fud na Seirbhíse Poiblí ag obair i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile. Léireoidh na treochláir agus na pleananna an tábhacht a bhaineann le monatóireacht agus le hoiriúnú leanúnach a dhéanamh ar ár seirbhísí poiblí chun ardchaighdeáin agus ardcháilíocht a choinneáil. Léireoidh siad sin freisin an gá atá ann go leanfadh seirbhísí orthu ag forbairt chun freastal ar riachtanais amach anseo.



Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta agus na Prionsabail Dearaidh is Bonn leo

1. Eispéireas Digiteach Daonbhunaithe

Ní mór dúinn feabhas suntasach a chur ar eispéireas digiteach daoine aonair agus gnólachtaí agus seirbhísí poiblí á n-úsáid againn trí na seirbhísí poiblí sin a dhéanamh chomh saoráideach, chomh soláimhsithe agus chomh hinrochtana agus is féidir. Seachas gníomhú de réir ár dtoimhdí ar a mianta agus a roghanna, tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar ár n-úsáideoirí agus ar a riachtanais chun seirbhísí níos fearr a sholáthar. Trí dhearadh a bheith agat a *oibríonn* níos fearr seachas ceann a *bhreathnaíonn* níos fearr go díreach is féidir seirbhísí a chruthú atá inrochtana do chách.

Príomhchuspóirí
A chinntiú gur ar líne a úsáidtear 90% de na seirbhísí Rialtais is infheidhme faoi 2030
Ag tógáil i dtreo seirbhísí 24-7 a sholáthraíonn réitigh dhigiteacha atá comhsheasmhach, comhtháite agus ó cheann go ceann agus cur chuige bloc tógála digiteach a ghlacadh
Cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire (le haghaidh fíordheimhnithe freisin) a éascaíonn seachadadh réamhghníomhach seirbhísí
Caighdeáin agus treoir a chur chun cinn maidir le hathrú digiteach a chur chun cinn agus eagraíochtaí a chumasú chun a n-aibíocht dhigiteach a fhorbairt

Is mó agus is mó a aithnítear (ag leithéidí an AE, ECFE agus na Náisiún Aontaithe) go bhfuil cur chuige daonbhunaithe i leith an rialtais dhigitigh ríthábhachtach chun eispéireas digiteach feabhsaithe a sholáthar. Áirítear leis sin freisin cuir chuige amhail prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm agus seachadadh réamhghníomhach seirbhísí ag baint úsáid as sonraí agus as faisnéis atá againn cheana féin nó atá ar eolas, gan aon chéimeanna riaracháin a bheith ag teastáil ón duine aonair / ón ngnó[4]. Príomhthoradh inár straitéis féin um Athnuachan na Státseirbhíse 2030 is ea go ndéantar na seirbhísí poiblí is infheidhme, atá ar fáil agus a úsáidtear ar líne, a dhearadh leis an úsáideoir i lár báire.

Chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud eagraíochtaí, cuirfimid feasacht chun cinn maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí digiteacha. Cuirfimid tacaí i bhfeidhm amhail caighdeáin maidir leis an gcaoi ar cheart seirbhísí digiteacha a dhearadh agus a sheachadadh;

[4] I gcás sonraí pearsanta, faigheann seo tacaíocht ó Alt 13. (2) (a) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019

treoir chun athrú digiteach a chur chun cinn trí eagraíocht; éiceachóras caighdeánach de bhloic thógála dhigiteacha lena nglactar le cur chuige foinse oscailte, de réir mar is iomchuí; agus trí úsáid a bhaint as soláthar nuálaíochta[5] chun réitigh dhigiteacha a fhoinsiú. Chuige sin freisin, beidh gá le scileanna digiteacha a neartú laistigh d'eagraíochtaí.

D'fhéadfadh inneachar agus dearadh seirbhíse a bheith i gceist le caighdeáin, mar shampla. Cuirfidh an t-inneachar dearaidh leis an iarracht ar fud an rialtais teanga shimplí a chur chun cinn chomh maith le cuidiú le hinrochtaineacht ar fud na dtáirgí digiteacha go léir. Is é atá i gceist le dearadh seirbhíse seirbhísí rialtais nua agus reatha a dhearadh thart ar an úsáideoir. Ciallaíonn sé gearradh trasna ar stórais na roinne agus díriú ar sheachadadh nó ar chomhsheachadadh na seirbhíse don úsáideoir deiridh.

Tá eagraíochtaí na seirbhíse poiblí ag céimeanna éagsúla d'aibíocht dhigiteach agus de chlaochlú digiteach. Dá bhrí sin, i roinnt dá gcuid seirbhísí thiocfadh dó go bhfeicfí eilimintí agus tréithe atá ag leibhéil éagsúla aibíochta freisin. Trí fheasacht láidir ar ár n-aibíocht dhigiteach éiritheach cuideoidh sé linn aird a tharraingt ar réimsí sonracha ar gá díriú orthu agus feabhsú leanúnach a éascú. Tá samhail aibíocht dhigiteach úsáideach chun a chinneadh cé na gnéithe de thionscnaimh rialtas digiteach atá in easnamh nó ar gá iad a neartú. Mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise seo, tabharfaimid isteach a leithéid de shamhail, a bheidh bunaithe ar na príomhghnéithe sa léaráid thall.



Gnéithe na Samhla Aibíochta Digití

[5] Cuireann treoir Choimisiún na hEorpa síos ar *sholáthar nuálaíochta* mar "... aon soláthar a bhfuil ceann amháin nó an dá ghné seo a leanas aige: próiseas na nuálaíochta – seirbhísí taighde agus forbartha – a cheannach le torthaí (páirteacha); agus torthaí na nuálaíochta a cheannach"
Féach: https://ec.europa.eu/growth/news/new-practical-guidance-help-public-buyers-boost-innovation-procurement-2021-06-22_en

2. Leas Éifeachtach a Bhaint as Sonraí

Chun leas éifeachtach a bhaint as sonraí, ní mór don rialtas sonraí atá i seilbh na Seirbhíse Poiblí a aithint mar phríomhshócmhainn straitéiseach chun cur leis an tsochaí ina hiomláine agus céimeanna a ghlacadh chun na sonraí sin a rialú. Baintear amach an rannchuidiú leis an tsochaí trí shonraí a úsáid i dtaca le pleanáil, cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar sheirbhísí. Le cur chuige sonraíbhunaithe, ceanglaítear ar an rialtas rialacha agus prionsabail eiticiúla a ghlacadh maidir le hathúsáid iontaofa agus shábháilte sonraí.

Príomhchuspóirí
Seirbhísí poiblí a fheabhsú trí struchtúir a chur i bhfeidhm chun athúsáid sonraí níos mó agus níos fearr a sholáthar
Rochtain níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí agus trédhearcacht maidir lena n-úsáid
Comhroinnt sonraí agus idir-inoibritheacht níos fearr a thiomáint chun seachadadh seirbhíse a athchóiriú
Cur leis an réimse tacair shonraí a fhoilsítear chun léargais a ghiniúint ar bheartas poiblí agus ar thaighde poiblí

Leagtar amach i Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019 – 2023 fís mhionsonraithe le sraith spriocanna agus gníomhartha chun cur chuige uile-rialtais a sheachadadh maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear agus a mbainistítear sonraí laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Aithníonn sé go bhfuil sonraí i gcroílár an Rialtais, go gcuireann siad bonn eolais faoi bheartas poiblí agus go spreagann siad é, go mbailíonn agus go n-úsáideann eagraíochtaí na seirbhíse poiblí iad agus go bhfuil siad lárnach i seachadadh seirbhísí poiblí.

Tá an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019[6] mar bhonn agus mar thaca ag go leor pointí de Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí. Cuireann sé bunús dlí ginearálaithe ar fáil chun sonraí a chomhroinnt idir eagraíochtaí na seirbhíse poiblí agus leagtar amach ann coimircí iomchuí faoinar féidir an chomhroinnt sin a dhéanamh. I measc na bhforálacha eile tá tairseach rochtana sonraí pearsanta a bhunú agus bunchlárlanna a ainmniú, lena n-áirítear oibleagáidí ar eagraíochtaí na seirbhíse poiblí a chinntiú go bhfuil faisnéis faoin mbunchlárlann cruinn, cothrom le dáta agus iomlán.

Tacófar tuilleadh le cur i bhfeidhm Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí trí **Cónascadh Rialtais 2030** a sheachadadh. Le cáilíocht fheabhsaithe sonraí, agus athúsáid níos mó agus níos fearr

[6] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/5/enacted/en/html

sonraí, beidh ceart an duine aonair chun príobháideachta agus cosaint sonraí i lár báire sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí poiblí digiteacha go léir a dhearadh agus a sheachadadh. Ciallaíonn glacadh le prionsabal na haonuaire nach gá do dhaoine aonair ná do ghnólachtaí an fhaisnéis chéanna a sholáthar ach uair amháin d'eagraíochtaí na seirbhíse poiblí. Déanfaimid feidhmeanna cúloifige a athchóiriú agus a uathoibriú tuilleadh trí ailtireachtaí agus caighdeáin chomhchoiteanna sonraí agus idir-inoibritheacht fheabhsaithe idir eagraíochtaí na seirbhíse poiblí.

Is féidir le sonraí atá i seilbh na seirbhíse poiblí léargais a ghiniúint do bheartas poiblí agus do thaighde poiblí. Cuireann Catalóg Shonraí na Seirbhíse Poiblí[7] faisnéis ar fáil faoi na sonraí fadréimseacha atá i seilbh na Seirbhíse Poiblí in Éirinn. Ina theannta sin, chuir an rialtas go leor tacair de shonraí riaracháin seirbhís phoiblí ar fáil mar Shonraí Oscailte[8] atá saor in aisce le húsáid, le hathúsáid agus le hathdháileadh. Maidir leis sin agus mar atá leagtha amach i gCiorclán 20/2021 RCPA, ardóimid feasacht eagraíochtúil na seirbhíse poiblí ar an dualgas atá orthu an Treoir maidir le Sonraí Oscailte a chomhlíonadh[9].

Le chéile, cruthaíonn na tionscnaimh seo éiceachóras sonraí láidir agus tacúil don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn.

[7] https://datacatalogue.gov.ie/
[8] https://data.gov.ie/
[9] 376/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Oscailte agus Athúsáid Faisnéise na hearnála poiblí) https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/si/376/made/en/print Déantar cur síos i gCiorclán 20/2021 RCPA ar na gníomhartha a theastaíonn agus ar na tacaí atá ar fáil https://assets.gov.ie/212217/bd5cd126-1954-4d65-8b3d-dd5a8398b453.pdf

3. Rialtas mar Ardán

Feidhmíonn an Rialtas mar ardán nuair a sholáthraíonn sé seirbhísí poiblí atá dírithe ar an duine, comhsheasmhach, saoráideach, comhtháite, réamhghníomhach agus trasearnála. Cuirfimid dlús le simpliú na seirbhísí poiblí trí éiceachóras acmhainní agus uirlisí a éascú a thugann tacaíocht agus trealamh d'fhoirne deartha agus seachadta seirbhíse. Cuimseoidh an t-éiceachóras sin dea-chleachtas agus treoirlínte a roinnt; socruithe rialachais agus dearbhaithe; cuimsiú digiteach; comhpháirteanna agus uirlisí coiteanna (amhail céannacht dhigiteach, fógraí, córais deartha agus, i gcásanna áirithe, íocaíochtaí[10]); rialachas sonraí agus a chur i bhfeidhm ar luach poiblí agus ar mhuinín; agus tallann agus cumais na seirbhíse poiblí.

Príomhchuspóirí
Simpliú seirbhíse a thiomáint trí éiceachóras caighdeán, acmhainní agus uirlisí
Bloic thógála dhigiteacha a úsáid chun timpeallacht dhigiteach idir-inoibritheach uile-rialtais a sholáthar, m.sh. MyGovID fíoraithe, srl.
An Clár Tóg le Comhroinnt a leathnú chun acmhainn seachadta seirbhíse a athrú ó bhonn, cibearshlándáil a fheabhsú, agus barainneachtaí scála a sholáthar
Cur chuige néalbhunaithe i dtosach a ghlacadh i leith seachadadh seirbhísí - idir phoiblí agus chúloifige
Deiseanna a aithint agus a uasmhéadú chun sócmhainní Rialtais a athúsáid
Ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach comhroinnte, is féidir linn forbairt seirbhísí digiteacha a mhéadú ar bhealach níos gasta agus níos costéifeachtaí. Trí réitigh idir-inoibritheacha, inscálaithe teicneolaíocht-bhunaithe a chur i bhfeidhm – agus go háirithe bloic thógála dhigiteacha / TFC a úsáid – soláthrófar barainneachtaí scála agus uasmhéadófar toradh ar infheistíocht de réir mar a bhainfimid amach ár n-uaillmhianta digiteacha. Tá an cur chuige seo ag teacht freisin le treoir na NA[11], a spreagann cur chuige uile-rialtais i leith na hinfheistíochta digití, rud a thacaíonn, ar a sheal, le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Uaireanta déantar comhpháirteanna digiteacha a chomhtháthú laistigh d'eagraíochtaí agus ar fud eagraíochtaí ar bhonn *ad hoc*, agus d'fhéadfaí, dá bharr, an breisluach féideartha do

[10] Cuir i gcás, a chur ar chumas daoine aonair nó gnólachtaí táillí nó muirir eile ar sheirbhísí poiblí áirithe a íoc
[11] Creat Infheistíochta Digití SFI - Cur Chuige Uile-Rialtais i leith Infheistíochta i dTeicneolaíochtaí Digiteacha chun na SDGnna, an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU) agus an Chomhghuaillíocht um Thionchar Digiteach (DIAL) a bhaint amach https://www.itu.int/pub/D-STR-DIGITAL.02-2019

thimpeallacht dhigiteach uile-rialtais a chailleadh. Breathnóimid ar chuir chuige ar nós caighdeáin chun Comhéadain Feidhm-Chlár (APInna) a ghlacadh agus a chomhordú sa rialtas agus ar fud an rialtais, chun tacú le timpeallacht dhigiteach idir-inoibritheach uile-rialtais, cosúil le API Éirchóid atá in úsáid faoi láthair ag roinnt d'eagraíochtaí na seirbhíse poiblí.

Chuige sin, cuirfidh **Cónascadh Rialtais 2030** leis an rath a bhí ar phríomh-comhpháirteanna coitianta atá i bhfeidhm cheana féin, lena n-áirítear tairseach gov.ie, seirbhís chéannacht dhigiteach MyGovID, Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), Éirchód agus an Bosca Poist Digiteach[12] . Go háirithe, agus nuair is infheidhme, úsáidfimid cuntais fíoraithe MyGovID chun daoine aonair a fhíordheimhniú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí. D'fhéadfadh córais teachtaireachta agus íocaíochta chomh maith le seirbhísí a chumasaítear leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí amhail an tAitheantóir Uathúil Gnó agus bunchlárlanna a bheith san áireamh i gcomhpháirteanna coitianta breise.

Forbróimid seirbhísí duine-lárnacha tríd an ghné dhigiteach a úsáid chun briseadh trí theorainneacha eagraíochtúla traidisiúnta, b'fhéidir i leith níos mó ná eagraíochtaí na seirbhíse poiblí, agus torthaí níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí. Tugann prionsabal na haonuaire le tuiscint go n-úsáidfidh an Rialtas teicneolaíocht dhigiteach chun a sheirbhísí a chur i láthair agus a chumasú ar bhealach réamhghníomhach atá níos dírithe ar théamaí. Tá dul chun cinn mór déanta againn cheana féin chun é sin a bhaint amach le gov.ie; ach tá sé mar aidhm againn an tseirbhís a fhorbairt níos faide fós. Dá bhrí sin, is tosaíocht faoin straitéis seo seirbhísí imeachtaí saoil a bheith ar fáil, ag aithint nár cheart go mbeadh ar aon duine eolas a bheith aige ar gach seirbhís nó riachtanas rialtais a bhaineann le himeacht saoil amhail breith nó bás a chlárú, gnó nua a thosú nó filleadh ar Éirinn.

Leanfaidh **Cónascadh Rialtais 2030** ar aghaidh ag forbairt an chláir **Tóg le Comhroinnt**. Ba cholún é seo i Straitéis dheireanach TFC na Seirbhíse Poiblí agus beidh sé fós ina ghné shuntasach den straitéis nua seo. Trí ghlacadh le seirbhísí Tóg le Comhroinnt bainfidh eagraíochtaí de gach cineál tairbhe as trí rochtain ar bhonneagair láidre acmhainneacha, go háirithe cibearchosaintí, chomh maith le sraith feidhmchláir choiteanna a bhaineann go sonrach leis an rialtas a athróidh agus a shimpleoidh oibríochtaí cúloifige. Beidh ár gcuid próiseas athchóirithe mar thoradh ar infheistíocht i mbonneagar, feidhmchláir agus seirbhísí, rud a thabharfaidh isteach éifeachtúlachtaí trí dhaingniú, cuíchóiriú, digiteáil, uathoibriú agus teicneolaíochtaí nua. Trí sholáthraí aonair a chruthú do shraith chomh fairsing seirbhísí, méadófar ar acmhainní luachmhara i ranna agus i ngníomhaireachtaí a chuirfidh ar a gcumas ar

[12] https://www.gov.ie/; https://www.mygovid.ie/; https://www.revenue.ie/en/online-services/index.aspx; https://www.eircode.ie/; https://digitalpostbox.ie/

a seal, réitigh nuálaíochta a sholáthar atá saincheaptha dá n-eagraíochtaí aonair agus do riachtanais a gcustaiméirí ar leith.

Leanfaimid orainn freisin ag tacú le deiseanna chun croíphleanáil acmhainní fiontraíochta agus réitigh fiontraíochta den chineál céanna a fhorbairt, a fheabhsú/ a athsholáthar chun feidhmiú éifeachtach ár n-eagraíochtaí a chinntiú.

I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, scrúdóimid agus cuirfimid chun feidhme bealaí chun feabhas a chur ar an úsáid a bhainimid as TFC inbhuanaithe, lena n-áirítear timthriallta feabhsaithe táirgí ciorclacha. Oibreoimid lena chinntiú go mbeidh trealamh agus seirbhísí TFC a chuireann an Rialtas i bhfeidhm go hiomlán ciorclach, i.e. ní hamháin tíosach ar fhuinneamh ina ndearadh, ach iad a bheith deartha freisin chun maireachtáil níos faide, a bheith á gcothabháil i gceart, a bheith déanta as ábhar athchúrsáilte agus a bheith éasca a dhíchóimeáil agus a athchúrsáil.

Príomhghné den uaillmhian seo is ea an chéad Lárionad Sonraí Rialtais a fhorbairt, a bheidh nuálach ina dhearadh glas, a sheachadadh agus a dhintiúir inbhuanaitheachta. Soláthróidh an lárionad sonraí nua agus, go sonrach, an dearadh bonneagair "néaldírithe" laistigh de, an bealach chun seomraí ríomhaireachta neamhéifeachtúla agus lárionaid bheaga sonraí a dhúnadh agus cumas óstála níos tíosaí ar fhuinneamh a chruthú ar fud na Seirbhíse Poiblí. Beidh sé lárnach freisin dár bpleananna níos leithne maidir le bailiú agus stóráil sonraí, lena n-áirítear imeall-ríomhaireacht.

Beidh ár gcion comhchoiteann chun an Rialtas a fhorbairt mar Ardán mar bhonn láidir chun seirbhísí poiblí digiteacha ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaoine agus ár ngnólachtaí agus a aithnítear mar eiseamláirí go hidirnáisiúnta. Buntáiste eile a bheidh ann an méid a chuirfidh sé le príomh-Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

4. Ag Teacht Chun Cinn Trí Nuálaíocht

Sainmhíniú áisiúil ar nuálaíocht is ea "*próisis, táirgí, seirbhísí agus modhanna seachadta nua a chruthú agus a chur i bhfeidhm a mbíonn feabhsuithe suntasacha dá mbarr ar éifeachtúlacht, éifeachtacht nó cáilíocht torthaí*[13]". Is í an nuálaíocht dhigiteach a spreagann agus a chuireann bonn taca faoi athruithe den sórt sin toisc go gcuireann sí ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gnó aitheanta trí theicneolaíocht dhigiteach a chur i bhfeidhm.

"*Leas a bhaint as cumhacht na nuálaíochta chun seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar in Éirinn*", is í sin an fhís atá ag Fíorú na Nuálaíochta, an straitéis chun nuálaíocht a leabú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann: Trí thosaíochtaí agus spriocanna na straitéise sin a bhaint amach, cuideofar tuilleadh le cultúr nuálaíochta a chur chun cinn agus tacófar chomh maith le claochlú digiteach in eagraíochtaí na seirbhíse poiblí. Beidh tionscnaimh nuálacha ar an leibhéal áitiúil, amhail iad siúd a thacaíonn le cathracha cliste, ríthábhachtach freisin chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil dár ndaoine agus dár ngnólachtaí.

Príomhchuspóirí
Ár ndúshlán féin a thabhairt breathnú as an nua ar fhadhbanna deacra a réiteach chun réitigh nuálacha a thógáil a chuireann an pobal agus úsáideoirí i lár báire
Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le lucht tionscail agus leis an saol acadúil agus cuir chuige úra a lorg maidir leis an gcaoi a ndéanaimidne, sa tSeirbhís Phoiblí, ár gcuid gnó
É a dhéanamh níos éasca do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus do FBManna oibriú leis an Rialtas chun seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú
Tacú le trialacha teicneolaíochtaí atá nua nó ag teacht chun cinn chun seanfhadhbanna a réiteach

Mairimid i ré ina bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta nach raibh súil leis roimhe seo agus ní mór dúinn an deis seo a thapú chun ár seirbhísí a fhorbairt go digiteach le nuálaíocht i lár báire. Osclaíonn teicneolaíochtaí agus seirbhísí mar Intleacht Shaorga, Meaisínfhoghlaim, Blocshlabhra, Sparán Digiteach agus Gníomhachtú Gutha deiseanna ollmhóra chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí nó fiú cinn nua a shamhlú; ach ní mór dúinn a bheith oscailte do thrialacha agus toilteanach an fuinneamh agus na hacmhainní a chur isteach chun torthaí dearfacha a bhaint as ár gcuid oibre.

[13] Mulgan agus Albury (2003)

I gcomhairle leis an bpobal agus lena n-ionadaithe le cúpla bliain anuas, lena n-áirítear comhpháirtíocht idir OGCIO agus Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, d'fhoghlaimíomar ár seirbhísí a scrúdú trí shúile daoine eile, a bheith oscailte don cháineadh agus tuisceanach faoin bhfrustrachas, agus a bheith tiomanta don fheabhsú[14].

In Athnuachan na Státseirbhíse 2030 tugann ár Rialtas a dhúshlán féin agus dúshlán a fhoirne tógáil ar ár láidreachtaí. Tá Éire aitheanta le fada mar cheárta smaointe agus cruthaitheachta. Ní mór dúinn na creataí agus na cuir chuige a fhorbairt trína n-úsáidfear tallann den sórt sin ionas gur féidir linn an cháil cheannródaíoch chéanna a bhunú don rialtas digiteach agus atá againn as Pharma, Medtech agus FinTech.

Ina thuarascáil GovTech 2019, gheall an Rialtas tallann a chothú agus cabhrú lenár bpobal nuathionscanta agus FBManna trí mheantóireacht a dhéanamh agus bealaí níos éasca a chruthú chun gnó a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí. Soláthraíonn samhail GovTech an treochlár trínar féidir lenár gcuideachtaí ceannródaíocha teicneolaíocht éiritheach a úsáid chun cabhrú linn freastal níos fearr ar ár ndaoine, agus trí sin a dhéanamh, táirgí a chruthú a bhféadfadh luach suntasach onnmhairithe a bheith acu a rachadh chun tairbhe dár ngeilleagar, dár gcruthú post agus dár gcáil.

Tá a fhios againn go bhfuil sé de chumas againn dul chun cinn na dtíortha sin a aithnítear mar cheannairí sa réimse seo, amhail Singeapór agus an Eastóin, a mheaitseáil. Trí **Cónascadh Rialtais** 2030, tugann ár dtosaíochtaí GovTech agus ár dtiomantas don nuálaíocht an treochlár dúinn chun dul ann.

[14] Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA)

5. Scileanna Digiteacha a Neartú



Chun **Cónascadh Rialtais 2030** a Sheachadadh, ní mór cumais agus scileanna nua a neartú agus a fhorbairt atá in ann cultúr seirbhís phoiblí dhigiteach a chothú. Ní mór do cheannairí na Seirbhíse Poiblí ar fud an ghnó, na gné digití agus TFC, meon intinne claochlaithe a fhorbairt agus a ghlacadh chun cláir dhigiteacha rathúla a spreagadh a bhaineann leas éifeachtach as sonraí. Chuige sin, tabharfaimid chun cinn lucht saothair atá oilte i gcúrsaí digiteacha chun cultúr *digiteach de réir réamhshocraithe* agus atá bunaithe ar fhianaise a bhaint amach mar atá leagtha amach freisin in Athnuachan na Státseirbhíse 2030.

Príomhchuspóirí
An tsamhail inniúlachta a nuashonrú go gcuimseofar inti croí-inniúlacht dhigiteach agus sonraí ar gach leibhéal den tSeirbhís Phoiblí
Straitéis nua a fhorbairt um Ghairmiúlú Acmhainní Daonna TFC na Státseirbhíse ina n-aithnítear an spleáchas criticiúil ar chúrsaí digiteacha chun seirbhísí rialtais a chumasú
Inbhuanaitheacht a chur san áireamh sa phíblíne tallainne do ghairmithe digiteacha agus TFC ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí
Deiseanna a lorg chun comhoibriú ar ghairmiúlú digiteach agus TFC agus cláir forbartha tallainne a fhorbairt

Tá an cumas chun foghlaim agus oiriúnú do thascanna agus do phoist nua ag éirí níos tábhachtaí don tsochaí ar fad. Tá scileanna de dhíth orainn i gcónaí ar fud réimse an TFC agus na ndisciplíní digiteacha lena n-áirítear smaointeoireacht dearaidh, eispéireas úsáideoirí, fadhbréiteach cruthaitheach, eolaíocht agus anailís sonraí, dearadh digiteach agus nuálaíocht dhigiteach, bonneagair néil, cibearshlándáil agus teicneolaíochtaí nua de réir mar a thagann siad chun cinn. I bhfianaise a fhorleithne a bhíonn teicneolaíochtaí digiteacha sa chuid is mó de na róil, is riachtanas ar fud an rialtais é croíleibhéal inniúlacht dhigiteach agus sonraí agus ní hamháin do speisialtóirí dígiteacha / TFC. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeadh croíleibhéal cuí scileanna digiteacha agus sonraí ag gach státseirbhíseach agus ag gach seirbhíseach poiblí chun meon digiteach a dhaingniú ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Léiríonn sa léaráid ECFE seo a leanas an riachtanas maidir le scileanna digiteacha ar gach leibhéal rialtais. Déanfaimid creataí inniúlachta a nuashonrú chun croíchumas digiteach agus sonraí a léiriú mar bhonnlíne do scileanna an 21ú haois do gach státseirbhíseach agus gach seirbhíseach poiblí. Áireofar leis an gcreat sin freisin nuálaíocht, cibearfheasacht, agus úsáid shábháilte agus iomchuí sonraí.



Scileanna chun tacú leis an rialtas digiteach[15]

Cuirfidh **Conascadh Rialtais 2030** leis an Straitéis um Ghairmiúlú Acmhainní Daonna TFC atá i bhfeidhm cheana féin don Státseirbhís. Déanfaidh an straitéis AD TFC nua breithniú arís ar an gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar an bpíblíne tallainne lena chinntiú gur féidir leis an státseirbhís agus leis an tseirbhís phoiblí an chothromaíocht chuí d'acmhainní oilte inmheánacha agus seachtracha a bhaint amach chun réitigh, táirgí, seirbhísí agus bonneagair dhigiteacha agus TFC a sholáthar a bheidh ar fáil 24-7. Ba cheart sa straitéis go mbreithneofaí nuálaíochtaí sa phíblíne tallainne don Státseirbhís i bhfianaise an éilimh ar scileanna digiteacha agus TFC i gcoitinne agus ag tógáil ar rath an chláir phíolótaigh Phrintíseachta TFC. Ba ghá go léireofaí sa straitéis freisin na riachtanais tacaíochta a theastaíonn chun seirbhísí rialtas digiteach a sholáthar a bheidh ar fáil ar éileamh, 24-7.

Agus aitheantas á thabhairt againn don ghá coiteann atá le scileanna digiteacha agus TFC ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí araon, oibreoimid chun raon feidhme na straitéise gairmiúlachta a leathnú tríd an tseirbhís phoiblí níos leithne . Éascóidh sé sin deiseanna chun scileanna comhroinnte agus comhchoiteanna a fhorbairt agus a roinnt chomh maith le píblíne tallainne chobhsaí dhigiteach agus TFC a fhorbairt don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.

Oibreoimid le lucht tionscail i gcoitinne freisin trí eagraíochtaí ionadaíocha chun smaointe agus caighdeáin a chomhroinnt maidir le gairmiúlacht agus le forbairt tallainne.

[15] Curtha in oiriúint ó Chreat ECFE maidir le tallann dhigiteach agus scileanna san earnáil phoiblí (2021) https://www.oecd.org/gov/the-oecd-framework-for-digital-talent-and-skills-in-the-public-sector-4e7c3f58-en.htm

6. Ag Díriú ar Rialachas agus ar Cheannaireacht

Mar gheall ar thionchar chúrsaí digiteacha ar fud na sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne tá ceannaireacht níos feiceálaí ag teacht chun cinn atá ag tiomáint chlár oibre digiteach an rialtais. Ina theannta sin, is gné thábhachtach é muinín an phobail a chothú sa chaoi a gcuirimid ár seirbhísí rialtas digiteach ar fáil chun go nglacfar níos forleithne le seirbhísí digiteacha. Sa chomhthéacs níos leithne sin, beidh struchtúir rialachais oiriúnach don fheidhm agus chumasúcháin ag teastáil uainn lena chinntiú go gcomhlíonfaimid na huaillmhianta maidir le **Cónascadh Rialtais 2030** mar phríomhghné den chlár oibre digiteach náisiúnta agus den Phlean Téarnaimh don Eoraip /NextGenerationEU araon. Leis na socruithe nua rialachais, atá ailínithe leis na struchtúir dá bhforáiltear in An Creat d'Éirinn Dhigiteach, cuirfear claochlú digiteach chun cinn go suntasach ar fud an rialtais trí shainaithint tionscadail tosaíochta a chumasú agus trí mhaolú a dhéanamh ar aon rioscaí chomh maith le dul i ngleic le agus a fháil réitithe de bhacairí dáiríre nó dealraitheacha ar chomhtháthú traseagraíochta i seachadadh seirbhísí poiblí. Beidh ceannaireacht láidir ag teastáil ar gach leibhéal freisin chun móiminteam a thógáil maidir le cláir chlaochlaithe dhigitigh. Cuirfear na struchtúir shonracha rialachais agus tuairiscithe in iúl ar leithligh.

Príomhchuspóirí
Struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm chun claochlú digiteach a bhrú chun cinn ar fud an rialtais
Dul chun cinn ar thionscadail tosaíochta a aithint agus a rianú agus aon bhacairí ar dhul chun cinn a bhaint
Muinín an phobail as sábháilteacht, trédhearcacht agus luach na réiteach digiteach a chothú trí chumarsáid éifeachtach agus trí rannpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara
Dul i gcomhairle le daoine aonair agus le gnólachtaí chun na tosaíochtaí a shocrú do sheirbhísí rialtas digiteach

Ar aon dul le Clár an Rialtais, agus chun Digiteáil na Seirbhísí Poiblí den straitéis dhigiteach náisiúnta a chur i gcrích, tá Aonad Forfheidhmithe na Straitéise Digití bunaithe againn laistigh d' Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm **Cónascadh Rialtais 2030**. Ag obair lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, forbróidh an tAonad treochlár forbartha rialtas digiteach a chabhróidh le huaillmhianta na straitéise seo a sheachadadh agus a chuirfidh dlús leis an aistriú chuig seirbhís phoiblí níos digití d'Éirinn. Beidh an tAonad i gceannas freisin ar dhul chun cinn a chur in iúl agus ar fheasacht a mhúscailt maidir le hinfhaighteacht seirbhísí digiteacha.

Cinnteoidh treochlár forbartha rialtas digiteach seachadadh comhsheasmhach agus comhleanúnach seirbhísí rialtas digiteach ar ardchaighdeán mar atá leagtha amach san fhís do **Cónascadh Rialtais 2030**. Oibreoidh Aonad Forfheidhmithe na Straitéise Digití, i gcomhar leis

na hAonaid Bhainistíochta Caiteachais sa RCPA, le heagraíochtaí na seirbhíse poiblí chun a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar chlaochlú digiteach. Léiríonn an cur chuige seo feidhm an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an tSeirbhís Phoiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt tuilleadh.

Agus é ag teacht le struchtúir nua rialachais atá le tuar sa straitéis dhigiteach náisiúnta, coimeádfaidh an tAonad clár eolais ar dhul chun cinn digiteach, go háirithe ag cur béim ar réimsí ina bhfuil dul chun cinn neamh-leordhóthanach á dhéanamh. Cinnteoimid freisin go n-éistfear le guthanna ár bpáirtithe leasmhara éagsúla chun bonn eolais a chur faoin dul chun cinn. Áireofar leis sin teagmháil a dhéanamh le daoine aonair agus le gnólachtaí, le lucht tionscail, leis an saol acadúil agus le grúpaí abhcóideachta, chomh maith le heagraíochtaí ar fud na Seirbhíse Poiblí. Ina theannta sin, leanfaidh Oifig POF an Rialtais ina iomláine de bheith i dteagmháil le líonraí ionadaíocha ar fud na Seirbhíse Poiblí (m.sh. Líonra Bainisteoirí TFC, Líonra Um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, Clár Taistil Corparáideach na Státseirbhíse chomh maith le grúpaí ar fud Earnálacha na Sláinte agus na nÚdarás Áitiúil) de réir mar is cuí.

Leagtar amach creat in **Cónascadh Rialtais 2030** inar féidir le gach eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí a ngealltanais dhigiteacha féin a bhaint amach a bheidh dírithe ar na spriocanna atá leagtha amach sa Chreat d'Éirinn Dhigiteach agus in Athnuachan na Státseirbhíse 2030 de réir mar is cuí. Mura bhfuil sé déanta acu cheana féin, ceanglófar orthu freisin comhalta boird ainmnithe a bheith acu a bheidh freagrach as seachadadh digiteach laistigh dá roinn agus / nó dá n-earnáil a bheidh mar oifigeach idirchaidrimh le **hAonad Forfheidhmithe na Straitéise Digití**. Beidh cinntí infheistíochta agus ceaduithe do thionscnaimh ag brath ar ailíniú leis an Straitéis seo agus leis an gclár oibre digiteach náisiúnta níos leithne.

Ina theannta sin, i bhfianaise an réimse tairbhí is féidir a bhaint as glacadh forleathan seirbhísí comhchoiteanna agus bloic thógála, le haghaidh claochlú cúloifige agus seachadadh seirbhís dhigiteach araon, ceanglófar ar eagraíochtaí cás gnó a dhéanamh – agus é sin a chomhaontú – i gcás *nach* n-úsáidtear comhpháirteanna, seirbhísí nó ardáin choiteanna a shainaithnítear.

Maidir le tionscadail dhigiteacha agus TFC ar mhórscála, nó tionscadail a bhfuil riosca ar leith nó tábhacht straitéiseach ag baint leo, cuirfimid **próiseas feabhsaithe piarbhreithnithe** i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar rialachas agus ceannaireacht tionscadal scála ar bhealach a thugann an dearbhú is mó is féidir go n-éireoidh leis an seachadadh. Is í Oifig CIO

an Rialtais a dhéanfaidh maoirseacht air sin agus de réir Chiorclán 14/2021 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe[16].

[16] Ciorclán 14/2021: Socruithe maidir le Maoirseacht ar Thionscnaimh Dhigiteacha agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí https://www.gov.ie/en/circular/fd285-142021-arrangements-for-oversight-of-digital-and-ict-related-initiatives-in-the-civil-and-public-service/

7. Prionsabail Dearaidh Bhuntacaithe

Ag croílár na Straitéise seo tá fócas ar dhaoine agus ar ghnólachtaí agus ar an ngá atá le cur chuige daonbhunaithe a ghlacadh maidir le dearadh agus le seachadadh seirbhísí poiblí comhtháite. Tugaimid ár ndúshlán féin leanúint ar aghaidh ag déanamh athruithe móra ar cháilíocht ár seirbhísí chun freastal ar ionchais athraitheacha ár n-úsáideoirí- daoine aonair, gnólachtaí agus seirbhísigh phoiblí araon. Aithnímid freisin go bhfuil impleachtaí ag seachadadh seirbhísí ar bhonn 24-7 ar réimsí éagsúla, agus go mbeidh orainn a bheith nuálach maidir leis an gcaoi a bhfreagraímid do na dúshláin sin.

Chun na Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta atá leagtha amach thuas a sheachadadh, glacfaimid leis na croíphrionsabail dearaidh seo a leanas:

I. Digiteach de réir Réamhshocraithe agus Néalbhunaithe ar dTús

Cuirfimid ár seirbhísí poiblí ar fáil ag glacadh cur chuige digiteach mar réamhshocrú trí chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus leis an bpobal, ag tógáil i dtreo na sprice do 2030 atá leagtha síos ag straitéis Athnuachana na Státseirbhíse chun a chinntiú go n-úsáidtear 90% de na seirbhísí is infheidhme ar líne. Agus eispéireas daonbhunaithe á sholáthar againn, glacfaimid cur chuige dearadh uilíoch, ionas go mbeidh na seirbhísí ar fáil ar bhonn 24-7, ar an ngléas is rogha le daoine agus go seachadfar iad ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe.

Beimid níos réamhghníomhaí agus níos forásaí maidir le glacadh le néal de réir Nóta Fáisneise Néalríomhaireachta na Seirbhíse Poiblí. Tugann sé sin le fios, i leith cúinsí áirithe, "nár cheart d'eagraíochtaí cinneadh a dhéanamh a thuilleadh *cé acu* a bhogfar go néal do chórais nua nó do chórais atá ann cheana; is é an cinneadh atá le déanamh anois *cad é*, *conas* agus *cén uair* a bhogfar go néal agus cé na córais áirithe atá oiriúnach don néal".

Ní chiallaíonn digiteach de réir réamhshocraithe digiteach amháin. Dá bhrí sin, úsáidfidh muid cúrsaí digiteacha chun an t-eispéireas as líne a fheabhsú dóibh siúd nach bhfuil in ann seirbhísí a úsáid go digiteach. Trí chur ar chumas na ndaoine sin ar féidir leo seirbhísí digiteacha a úsáid an méid sin a dhéanamh, is féidir linn acmhainní a atreorú ar bhealaí éagsúla chun seirbhís i bhfad níos fearr a sholáthar dóibh siúd a mbeadh cúnamh ag teastáil uathu, mar shampla trínár n-oifigí poiblí agus leabharlanna.

II. Cur Chuige Uile-Rialtais

Chun coincheap an Rialtais-mar-Ardán a chumasú, cuirfidh muid ár seirbhísí ar fáil trí chur chuige uile-rialtais a chur i bhfeidhm, seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus eispéireas comhtháite agus níos saibhre a chinntiú dár ndaoine agus dár ngnólachtaí. Éileoidh sé sin ar gach eagraíocht seirbhís phoiblí ailíniú leis an straitéis seo. D'fhéadfaí a áireamh san obair sin go bhfiosrófaí an coincheap go n-ainmneofaí úinéireacht le seirbhísí áirithe agus go mbunófaí ionaid barr feabhais.

Chun ár n-uaillmhianta digiteacha a bhaint amach beidh gá le comhoibriú níos fearr ar fud eagraíochtaí agus earnálacha, prionsabal na haonuaire a ghlacadh agus sonraí atá sa chóras cheana féin a athúsáid, fiú má bhíonn siad i seilbh eagraíocht dhifriúil. Déanfar é sin ar bhealach trédhearcach agus iontaofa, le cosaint láidir sonraí, lena n-áirítear cosaintí láidre cibearshlándála, i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an treoir ábhartha. Aithnímid go mbeidh dúshláin agus castachtaí ann maidir leis na huaillmhianta sin a bhaint amach, ach is féidir linn iad sin a shárú trí oibriú le chéile.

Chun tacú le fíor-chlaochlú digiteach, cinnteoimid go mbeidh cúinsí digiteacha leabaithe i bpróisis bheartais lena n-áirítear trí reachtaíocht chumasúcháin agus socruithe riaracháin a thabhairt isteach, de réir mar is cuí. Cuirfimid próisis rialachas feabhsaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid na huaillmhianta a leagtar amach sa straitéis seo i gcomhréir le gné dhigiteála na seirbhísí poiblí den straitéis dhigiteach náisiúnta.

III. Bealaí Nua Oibre

Tacóimid le heagraíochtaí seirbhísí poiblí chun a chur ar chumas fostaithe a ndícheall a dhéanamh agus a bhfolláine a chinntiú ag an am céanna. Áirítear leis sin féachaint ar bhealaí nua oibre lena n-áirítear dearadh poist agus solúbthacht maidir le hionad oibre. Rachaimid i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le conas is féidir le teicneolaíocht agus nuálaíocht cabhrú leis na huaillmhianta sin a bhaint amach. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin cineálacha nua comhpháirtíochta a bhunú idir an rialtas, lucht tionscail agus an saol acadúil.

Chun cabhrú le scileanna digiteacha a neartú, cuirfimid deiseanna cuí oiliúna nó athoiliúna ar fáil i scileanna digiteacha, agus leanfaimid le gairmiúlacht róil teicneolaíochta. Agus baill foirne nua á mealladh againn chuig deiseanna digiteacha, féachfaimid chuige gurb í an tSeirbhís Phoiblí an fostóir is rogha le daoine.

Cuirfimid ardáin agus feidhmchláir choiteanna ar fáil ar féidir iad a roinnt idir eagraíochtaí agus ar fud eagraíochtaí chun comhoibriú níos fearr a éascú agus chun difríocht a laghdú le linn oibríochtaí ar fud eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann le néalríomhaireacht a uasmhéadú. Cuirfimid ar chumas timpeallachtaí oibre a thugann cumhacht dár ndaoine a ndícheall a dhéanamh, comhroinnt smaointe, dearaí agus nuálaíochtaí a chur chun cinn.

IV. Bunaithe ar an bPríobháideacht agus Slán ina Dhearadh

Déanfaimid córais a dhearadh agus a thógáil atá ailínithe leis an dea-chleachtas maidir le slándáil agus le cibearchosaint. Trí leas éifeachtach a bhaint as sonraí, tabharfaimid cur chuige bunaithe ar an bpríobháideacht isteach inár gcuid oibre ag áirithiú úsáid agus athúsáid iontaofa agus shábháilte sonraí.

Cuirfimid Caighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm chun bainistiú rioscaí cibearshlándála a mheas agus a fheabhsú. Fágfaidh sé sin, ar a sheal, eagraíochtaí na seirbhíse poiblí i riocht i bhfad níos fearr chun ionsaí a aithint, a bhrath, a chosc, iad féin a chosaint air, freagairt dó agus teacht chucu féin ina dhiaidh.

Is ar Bhoird na Ranna, na nOifigí agus na gComhlachtaí Stáit go léir ar fud na n-earnálacha go léir atá an fhreagracht chomhchoiteann claochlú digiteach seirbhísí poiblí a bhrú chun cinn. Agus dá réir sin, beidh ról ceannasach ag gach Príomhoifigeach Faisnéise, Ceann TFC / Digiteach nó a chomhionann maidir le dúshláin agus deiseanna amach anseo a aithint, a ullmhú agus a nascleanúint dá n-eagraíocht agus i gcomhthéacs tionscnaimh uile-rialtais.

8. Conclúid

Chun **Cónascadh Rialtais 2030**: **Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann** a chur i bhfeidhm, teastóidh iarracht uile-rialtais lena thorthaí uaillmhianacha a bhaint amach. Cuideoidh an obair sin freisin leis na spriocanna atá leagtha síos dúinn sa straitéis dhigiteach náisiúnta, Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha – An Creat d'Éirinn Dhigiteach :

- "Trí sheirbhís rialtas digiteach iontaofa, dírithe ar an úsáideoir, iomasach, cuimsitheach agus éifeachtúil, is ar líne a úsáidfear 90% de na seirbhísí is infheidhme faoi 2030;
- 80% de shaoránaigh incháilithe a bheith ag úsáid MyGovID faoi 2030. "

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach cuirfimid lenár dtaithí le straitéisí roimhe seo agus le gnéithe díobh sin a d'oibrigh go han-mhaith. Dá réir sin, déanfaimid taighde ar ionchais daoine agus ansin oibreoimid i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na Seirbhíse Poiblí chun pleananna agus treochláir eolasacha bunaithe ar thorthaí a fhorbairt. Leanfaimid orainn freisin ag forbairt na sraithe Tóg chun Roinnt agus tuilleadh forbartha i leith comhpháirteanna agus uirlisí coiteanna, comhroinnt sonraí, gairmiúlachta, comhairliúchán dírithe ar fhadhbanna le lucht tionscail agus leis an saol acadúil, agus muid ag obair go dlúth ag an am céanna lenár gcuid Airí agus polaiteoirí.

Forbróimid plean forfheidhmithe mionsonraithe ina n-aithneofar príomhghníomhaíochtaí sna blianta amach romhainn. Tabharfaimid isteach deaiseanna tuairiscithe chun ár bpríomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin dul chun cinn agus ailíniú ag an am céanna le straitéisí gaolmhara eile lena n-áirítear Leas a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha, Athnuachan na Seirbhíse Poiblí agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.

Ní hamháin go gcuirfidh cur i bhfeidhm rathúil **Cónascadh Rialtais 2030** rialtas digiteach ar fáil do chách, ach ginfidh sé luach poiblí suntasach freisin a rachaidh chun tairbhe don tsochaí agus don gheilleagar i gcoitinne.

Trí rialtas a nascadh agus trí oibriú le chéile, is féidir linn a chinntiú go dtarlaíonn sé seo!

9. Aguisíní

Aguisín 1: Amlíne cur chun feidhme



Aguisín 2: Príomhchuspóirí

I. Eispéireas Digiteach Daonbhunaithe
A chinntiú gur ar líne a úsáidtear 90% de na seirbhísí Rialtais is infheidhme faoi 2030
Ag tógáil i dtreo seirbhísí 24-7 a sholáthraíonn réitigh dhigiteacha atá comhsheasmhach, comhtháite agus ó cheann go ceann agus cur chuige bloc tógála digiteach a ghlacadh
Cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire (le haghaidh fíordheimhnithe freisin) a éascaíonn seachadadh réamhghníomhach seirbhísí
Caighdeáin agus treoir a chur chun cinn maidir le hathrú digiteach a chur chun cinn agus eagraíochtaí a chumasú chun a n-aibíocht dhigiteach a fhorbairt

II. Leas Éifeachtach a bhaint as Sonraí
Seirbhísí poiblí a fheabhsú trí struchtúir a chur i bhfeidhm chun athúsáid níos mó agus níos fearr sonraí a sholáthar
Rochtain níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí agus trédhearcacht maidir lena n-úsáid
Comhroinnt sonraí agus idir-inoibritheacht níos fearr a thiomáint chun seachadadh seirbhíse a athchóiriú
An réimse tacair shonraí a leathnú a foilsíodh chun léargas a thabhairt ar bheartas poiblí agus ar thaighde poiblí

III. Rialtas mar Ardán
Simpliú seirbhíse a thiomáint trí éiceachóras caighdeán, acmhainní agus uirlisí
Bloic thógála dhigiteacha a úsáid chun timpeallacht dhigiteach idir-inoibritheach uile-rialtais a sholáthar, m.sh. MyGovID fíoraithe, srl.
An Clár Tóg le Comhroinnt a leathnú chun acmhainn seachadta seirbhíse a athrú ó bhonn, cibearshlándáil a fheabhsú, agus barainneachtaí scála a sholáthar
Cur chuige néalbhunaithe i dtosach a ghlacadh i leith seachadadh seirbhísí - idir phoiblí agus chúloifige
Deiseanna a aithint agus a uasmhéadú chun sócmhainní Rialtais a athúsáid
Ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

IV. Ag Teacht chun Cinn trí Nuálaíocht
Ár ndúshlán féin a thabhairt breathnú as an nua ar fhadhbanna deacra a réiteach chun réitigh nuálacha a thógáil a chuireann an pobal agus úsáideoirí i lár báire
Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le lucht tionscail agus leis an saol acadúil agus cuir chuige úra a lorg maidir leis an gcaoi a ndéanaimidne, sa tSeirbhís Phoiblí, ár gcuid gnó
É a dhéanamh níos éasca do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus do FBManna oibriú leis an Rialtas chun seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú
Tacú le trialacha teicneolaíochtaí atá nua nó ag teacht chun cinn chun seanfhadhbanna a réiteach

V. Scileanna Digiteacha a Neartú
An tsamhail inniúlachta a nuashonrú go gcuimseofar inti croí-inniúlacht dhigiteach agus sonraí ar gach leibhéal den tSeirbhís Phoiblí
Straitéis nua a fhorbairt um Ghairmiúlú Acmhainní Daonna TFC na Státseirbhíse ina n-aithnítear an spleáchas criticiúil ar chúrsaí digiteacha chun seirbhísí rialtais a chumasú
Inbhuanaitheacht a chur san áireamh sa phíblíne tallainne do ghairmithe digiteacha agus TFC ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí
Deiseanna a lorg chun comhoibriú ar ghairmiúlú digiteach agus TFC agus cláir forbartha tallainne a fhorbairt

VI. Ag Díriú ar Rialachas agus ar Cheannaireacht
Struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm chun claochlú digiteach a bhrú chun cinn ar fud an rialtais
Dul chun cinn ar thionscadail tosaíochta a aithint agus a rianú agus aon bhacairí ar dhul chun cinn a bhaint
Muinín an phobail as sábháilteacht, trédhearcacht agus luach na réiteach digiteach a chothú trí chumarsáid éifeachtach agus trí rannpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara
Dul i gcomhairle le daoine aonair agus le gnólachtaí chun na tosaíochtaí a chinneadh do sheirbhísí rialtas digiteach

Aguisín 3: Sliocht as Tuarascáil Chruinniú GovTech 2019

Plean Gníomhaíochta Tosaíochta GovTech	Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta Cónascadh Rialtais 2030					
Ba chóir do rialtas:	Daonbhunaithe	Leas a Bhaint as Sonraí	Rialtas mar Ardán	Nuálaíocht	Scileanna Digiteacha	Rialachas
1. Iarracht a dhéanamh athúsáid Sócmhainní Rialtais a éascú nuair is dleathach agus is indéanta.	✓	✓	✓	✓	✓	✓
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar chreataí maoinithe forbartha gnó an Rialtais chun aon bhearnaí nó deiseanna le haghaidh comhtháthú breise a aithint, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an tsamhail a chur in iúl níos fearr dá spriocghrúpa agus é a bheith intuigthe acu.				✓		✓
3. Samhail forbartha tallann dhigiteach níos comhtháite ar feadh an tsaoil a fhorbairt a chlúdaíonn gach céim den saol, ó aois réamhscoile go haois scoir agus gach leibhéal inniúlachta ó úsáideoir seirbhíse, go forbróir córais agus ailtire córais.	✓			✓	✓	✓
4. Féachaint le réitigh soláthair a fhorbairt, a chomhlíonann go hiomlán reachtaíocht an AE, a chur ar chumas iontrálaithe nua sa mhargadh gnó a dhéanamh níos easca leis an Rialtas.			✓	✓		✓
5. GovTech a thiomáint trí bheith ina eiseamláir i seachadadh seirbhísí digiteacha, forbairt leanúnach scileanna fostaithe agus glacadh le nuálaíocht.	✓	✓	✓	✓	✓	
6. Dul i dteagmháil go gníomhach le gach earnáil den tsochaí chun a chinntiú go bhfuil GovTech go hiomlán cuimsitheach agus go dtugann sé aghaidh ar na príomhbhacainní sochaíocha ar rannpháirtíocht dhigiteach.	✓	✓			✓	✓
7. Struchtúr cuí Rialachais GovTech a chruthú.						✓
8. Samhail bhrandála GovTech a chruthú, a bheidh ar fáil do gach dream rannpháirteach.				✓		✓

Tuarascáil Chruinniú GovTech: https://www.gov.ie/en/publication/c9a9c8-cruinniu-govtech-report/

Aguisín 4: Léitheoireacht Bhreise

Harnessing Digital – The Digital Ireland Framework
https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/

Public Service Data Strategy 2019 – 2023
https://www.gov.ie/en/publication/1d6bc7-public-service-data-strategy-2019-2023/

Cruinniú GovTech Report (November 2019)
https://www.gov.ie/en/publication/c9a9c8-cruinniu-govtech-report/

Cloud Computing Advice Note (October 2019)
https://www.gov.ie/en/publication/078d54-cloud-computing-advice-note-october-2019/

Civil Service ICT HR Professionalisation Strategy (January 2018)
https://www.gov.ie/en/publication/2ac3e-the-civil-service-ict-hr-professionalisation-strategy/

Civil Service Renewal 2030 Strategy – Building on our Strengths (May 2021)
https://www.gov.ie/en/publication/efd7f-civil-service-renewal-2030/

Civil Service Renewal 2024 Action Plan
https://www.gov.ie/en/publication/47061-civil-service-renewal-2024-action-plan/

Making Innovation Real – Our Public Service. Delivering Today, Shaping Tomorrow. (November 2020)
https://www.gov.ie/en/publication/6b625-making-innovation-real-delivering-today-shaping-tomorrow/

Open Data Strategy 2017-2022
https://data.gov.ie/pages/open-data-strategy-2017-2022

National Cyber Security Strategy (December 2019)
https://www.ncsc.gov.ie/strategy/

Public Service Cyber Security Baseline Standards (November 2021)
https://www.gov.ie/en/publication/d1fd5-cyber-security-baseline-standards/

National Broadband Plan
https://www.gov.ie/en/publication/c1b0c9-national-broadband-plan/

Making Remote Work – National Remote Work Strategy (January 2021)
https://www.gov.ie/en/publication/51f84-making-remote-work-national-remote-work-strategy/

National Artificial Intelligence Strategy for Ireland (July 2021)
https://www.gov.ie/en/publication/91f74-national-ai-strategy/

Whole of Government Circular Economy Strategy 2022 – 2023 (December 2021)
https://www.gov.ie/en/publication/b542d-whole-of-government-circular-economy-strategy-2022-2023-living-more-using-less/

EU: A Europe fit for the digital age
https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age_en

EU: Digital Compass / Digital Decade
https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/digital-compass

EU: European Green Deal
https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

EU: Recovery Plan for Europe
https://ec.europa.eu/info/strategy/recovery-plan-europe_en

EU: Guidance on Innovation Procurement
https://ec.europa.eu/growth/news/new-practical-guidance-help-public-buyers-boost-innovation-procurement-2021-06-22_en

Berlin Declaration on Digital Society and Value-based Digital Government
https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/berlin-declaration-digital-society-and-value-based-digital-government

UN Sustainable Development Goals
https://sdgs.un.org/goals

SDG Digital Investment Framework – A whole-of-Government Approach to Investing in Digital Technologies to Achieve the SDGs
https://www.itu.int/pub/D-STR-DIGITAL.02-2019

Digital Impact Alliance Catalog of Digital Solutions – Building Blocks
https://solutions.dial.community/building_blocks

GovStack Building Blocks
https://www.govstack.global/building-blocks/

The OECD Digital Government Policy Framework – Six dimensions of a Digital Government (2020)
https://www.oecd-ilibrary.org/governance/the-oecd-digital-government-policy-framework_f64fed2a-en

The OECD Framework for digital talent and skills in the public sector (2021)
https://www.oecd.org/digital/the-oecd-framework-for-digital-talent-and-skills-in-the-public-sector-4e7c3f58-en.htm

Strengthening Digital Government, OECD 2019
https://www.oecd.org/gov/digital-government/strengthening-digital-government.pdf

Mulgan, G. and D. Albury (2003) UK Cabinet Office Discussion Paper: Innovation in the Public Sector, ver1.9, October 2003 [Archived 23 August 2004]
https://webarchive.nationalarchives.gov.uk/20040823222650/http://www.pm.gov.uk/print/page4627.asp

Nótaí

Tithe an Rialtas. Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T:+353 1 676 7571
@IRLDeptPer
www.gov.ie/per